**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha*

**2022/2090(DEC)**

24.1.2023

# TUAIRIM

ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh 2021: Buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh – an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí
(2022/2090(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Carina Ohlsson

PA_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á thabhairt chun suntais, de réir thuairim na Cúirte Iniúchóirí (‘an Chúirt’), nach raibh leibhéal earráide na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) sa chaiteachas ábhartha agus nár tháinig an Chúirt ar aon fhadhbanna suntasacha lena córais mhaoirseachta agus rialaithe;

2. ag tabhairt dá haire thairis sin, sa sampla d’idirbhearta, gur tháinig an Chúirt ar dhá earráid inchainníochtaithe i dtaca le híocaíochtaí a rinne SEGS;

3. á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí SEGS an chothromaíocht inscne a áirithiú sna gráid níos airde freisin sa Cheanncheathrú lárnach agus i dtoscaireachtaí an Aontais;

4. á chur in iúl gur saoth léi an easpa éagsúlachta agus na míchothromaíochtaí inscne agus geografacha atá fós ann laistigh d’fhoireann SEGS agus an feabhas mall ar na hábhair sin; ag athdhearbhú a thábhachtaí atá sé dáileadh trasnach, éagsúlacht níos mó agus comhionannas inscne a áirithiú, chomh maith le dáileadh cothrom na foirne a chur chun cinn ó thaobh inscne agus bunús geografach de laistigh de chatagóirí agus gráid éagsúla, go háirithe ar an leibhéal sinsearach bainistíochta;

5. á mholadh go leanfaí leis na hiarrachtaí chun foireann lárnach SEGS a athnuachan agus Cór Taidhleoireachta Eorpach atá buan agus speisialaithe a fhorbairt trí chomórtais oscailte speisialaithe rialta, a bheidh dírithe ar dhaoine aonair a bhfuil éagsúlacht tallainne, scileanna agus acmhainneachta acu a earcú;

6. á iarraidh ar SEGS dea-shampla a thabhairt, mar a leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta Inscne III, agus feabhas mór a chur ar ionadaíocht na mban agus na ngrúpaí imeallaithe ar gach leibhéal agus é mar aidhm leis paireacht inscne a bhunú i bpoist cheannaireachta agus bhainistíochta mar aon le ceannaireacht inscne-fhreagrúil agus próisis earcaíochta atá íogair ó thaobh inscne de a luaithe is féidir; á iarraidh ar SEGS a áirithiú go gcuirfear Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus rúin ghaolmhara chun feidhme go leormhaith;

7. á iarraidh go mbeadh straitéisí éifeachtacha oiliúna i dtaobh inscne ann in SEGS; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé infheistíocht a dhéanamh in acmhainní agus i saineolas chun straitéisí oiliúna agus oideachais a fhorbairt atá dírithe ar chur chuige comhionannais inscne a chur i bhfeidhm maidir le beartais agus cláir idirnáisiúnta chun fíorathrú cultúir a bhaint amach laistigh de SEGS; á shonrú gur cheart aird ar leith a thabhairt ar shásraí príomhshruthaithe inscne a chomhtháthú, ar aghaidh a thabhairt ar an mbuiséadú inscne, ar mheasúnuithe tionchair inscne agus ar dhul i ngleic le foréigean inscnebhunaithe; á mholadh go nglacfaí clár oiliúna cuimsitheach chun Plean Gníomhaíochta Inscne III a chur chun feidhme go leormhaith ar gach leibhéal de SEGS;

8. á iarraidh ar na Ballstáit go léir níos mó ban agus iarrthóirí ó ghrúpaí imeallaithe a cheapadh i bpoist ar iasacht in SEGS; ag tarraingt aird ar an ró-ionadaíocht atá á

déanamh fós ar thaidhleoirí roinnt Ballstát i measc na gCeann Toscaireachta agus á iarraidh go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar na míchothromaíochtaí sin; ag moladh do SEGS treoirlínte a chruthú agus a roinnt faoi na dea-chleachtais maidir le nósanna imeachta earcaíochta a sheoladh chun an éagsúlacht, an oscailteacht, an chothroime agus an trédhearcacht a áirithiú;

9. ag tabhairt dá haire go bhfuil tionchar geopholaitiúil ag fogha na Rúise faoin Úcráin agus go bhfuil méadú ag teacht dá bharr sin ar an ngá go ndéanfadh an tAontas tíortha comhpháirtíochta ar fud an domhain a thabhairt le chéile agus comhghuaillíochtaí domhanda a thógáil bunaithe ar thosaíochtaí an Aontais; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé infheistíocht leanúnach a dhéanamh i rannpháirtíocht agus tionchar láidir polaitiúil ar an leibhéal déthaobhach, sa taidhleoireacht phoiblí agus chultúrtha chun luachanna, prionsabail agus leasanna an Aontais a chur chun cinn, agus i gcumarsáid straitéiseach chun an bhréagaisnéis a chomhrac;

10. á iarraidh ar an Aontas forbairt a dhéanamh ar a bhosca uirlisí chun cur i gcoinne na trasnaíochta, na bolscaireachta agus na n-oibríochtaí tionchair ón iasacht, lena n-áirítear ionstraimí nua a fhorbairt lenar féidir costais a fhorchur ar dhéantóirí na coire agus struchtúir ábhartha a neartú, go háirithe tascfhórsa cumarsáide straitéisí na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS); á iarraidh go leathnófaí sainordú an tascfhórsa, lena n-áirítear maidir leis an mbréagaisnéis státurraithe a thagann ón tSín agus ón Meánoirthear, go háirithe an Iaráin, agus go ndéanfaí na hacmhainní breise airgeadais agus daonna is gá a sholáthar dó;

11. á iarraidh ar SEGS leibhéil leormhaithe chibearshlándála a áirithiú i gcás a chuid sócmhainní, áitreabh agus gníomhaíochtaí, lena n-áirítear a cheanncheathrú agus toscaireachtaí AE;

12. á chur in iúl gur geal léi gur neartaigh SEGS a chomhar idirnáisiúnta leis na Ballstáit, le hinstitiúidí an Aontais agus le hEagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT) maidir leis an gcomhrac i gcoinne na bréagaisnéise agus na trasnaíochta eachtraí; á chur in iúl go bhfuil sí go láidir den tuairim nach amháin gur cheart do SEGS aird a tharraingt ar an mbréagaisnéis a thagann ó thríú tíortha ach gur cheart dó freisin foinsí a nochtadh a bhfuil an bhréagaisnéis chéanna nó bréagaisnéis de stíl chomhchosúil á dáileadh acu laistigh den Aontas chomh maith; ag moladh SEGS as freagairtí meara a thabhairt ar imeachtaí domhanda;

13. á iarraidh go neartófaí na ranna Polaitiúla, Preasa agus Faisnéise i dToscaireachtaí AE, lena n-áiritheofar go mbeidh leibhéal leordhóthanach agus leormhaith foirne, saineolais agus acmhainní airgeadais acu chun cabhrú leo tosaíochtaí polaitiúla an Aontais a bhaint amach;

14. ag tathant ar SEGS obair leantach a dhéanamh gan a thuilleadh moille ar an bhfógra a thug sé go ndéanfadh sé a chuid forálacha neamhspleácha cur chun feidhme a ghlacadh agus a chur chun feidhme maidir le gníomhaíochtaí agus tascanna seachtracha, lena gcruthaítear bunús dlí *sui generis* do Chinn na dToscaireachtaí chun íomhá agus clú an Aontais ina n-iomláine a chosaint ar bhealach níos fearr;

15. ag moladh do thoscaireachtaí an Aontais oibriú i gcomhar leis na gníomhaithe áitiúla, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus na comhpháirtithe sóisialta i dtríú tíortha agus iad a

chur chun cinn chun an t-idirphlé sóisialta agus idirphlé maidir leis an smacht reachta, na cearta bunúsacha agus an comhrac in aghaidh an éillithe a spreagadh; á iarraidh ar thoscaireachtaí AE dlúthfhaireachán a dhéanamh ar staid an daonlathais sna tíortha éagsúla agus tacaíocht lóistíochta agus theicneolaíoch a chur ar fáil do chosantóirí chearta an duine agus do chosantóirí na bpobal dúchasach, go háirithe do mhná; á iarraidh ar thoscaireachtaí an Aontais leanúint dá n-iarrachtaí comhordaithe chun tionscadail arna gcistiú ag an Aontas a dhéanamh níos infheicthe, go háirithe i dtíortha is iarrthóirí.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 24.1.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 54<br>–: 6<br>0: 4 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alexander Alexandrov Yordanov, Petras Auštrevičius, Traian Băsescu, Reinhard Bütikofer, Susanna Ceccardi, Włodzimierz Cimoszewicz, Anna Fotyga, Michael Gahler, Sunčana Glavak, Raphaël Glucksmann, Klemen Grošelj, Bernard Guetta, Sandra Kalniete, Dietmar Köster, Andrius Kubilius, Ilhan Kyuchyuk, Jean-Lin Lacapelle, David Lega, Miriam Lexmann, Nathalie Loiseau, Leopoldo López Gil, Thierry Mariani, Pedro Marques, Marisa Matias, David McAllister, Vangelis Meimarakis, Sven Mikser, Francisco José Millán Mon, Javier Nart, Matjaž Nemec, Gheorghe-Vlad Nistor, Urmas Paet, Demetris Papadakis, Kostas Papadakis, Tonino Picula, Giuliano Pisapia, Thijs Reuten, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Mounir Satouri, Radosław Sikorski, Jordi Solé, Sergei Stanishev, Dragoş Tudorache, Hilde Vautmans, Viola von Cramon-Taubadel, Thomas Waitz, Charlie Weimers, Isabel Wiseler-Lima, Salima Yenbou, Bernhard Zimniok, Željana Zovko |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Anna-Michelle Asimakopoulou, Özlem Demirel, Markéta Gregorová, Karsten Lucke, Erik Marquardt, Carina Ohlsson, María Soraya Rodríguez Ramos |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Manon Aubry, Damien Carême, Theresa Muigg, Younous Omarjee, Ivan Štefanec |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 54 | + |
|---|---|
| ID | Susanna Ceccardi |
| PPE | Alexander Alexandrov Yordanov, Anna-Michelle Asimakopoulou, Traian Băsescu, Michael Gahler, Sunčana Glavak, Sandra Kalniete, Andrius Kubilius, David Lega, Miriam Lexmann, Leopoldo López Gil, David McAllister, Vangelis Meimarakis, Francisco José Millán Mon, Gheorghe-Vlad Nistor, Radosław Sikorski, Ivan Štefanec, Isabel Wiseler-Lima, Željana Zovko |
| Renew | Petras Auštrevičius, Klemen Grošelj, Bernard Guetta, Ilhan Kyuchyuk, Nathalie Loiseau, Javier Nart, Urmas Paet, María Soraya Rodríguez Ramos, Dragoş Tudorache, Hilde Vautmans, Salima Yenbou |
| S&D | Włodzimierz Cimoszewicz, Raphaël Glucksmann, Dietmar Köster, Karsten Lucke, Pedro Marques, Sven Mikser, Theresa Muigg, Matjaž Nemec, Carina Ohlsson, Demetris Papadakis, Tonino Picula, Giuliano Pisapia, Thijs Reuten, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Sergei Stanishev |
| Verts/ALE | Reinhard Bütikofer, Damien Carême, Markéta Gregorová, Erik Marquardt, Mounir Satouri, Jordi Solé, Viola von Cramon-Taubadel, Thomas Waitz |

| 6 | - |
|---|---|
| ECR | Charlie Weimers |
| ID | Jean-Lin Lacapelle, Thierry Mariani, Bernhard Zimniok |
| NI | Kostas Papadakis |
| The Left | Marisa Matias |

| 4 | 0 |
|---|---|
| ECR | Anna Fotyga |
| The Left | Manon Aubry, Özlem Demirel, Younous Omarjee |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh